Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2015**

| Uimhir Lárionaid | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

| Uimhir Iarrthóra | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

# Ceimic

Aonad Measúnaithe A2 3
*ag measúnú*
Modúl 3: Scrúdú Praiticiúil
**Leabhrán Scrúdú Praiticiúil A**

AC233

**[AC233]**
**DÉ MÁIRT 5 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

1 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Freagair **an dá** cheist.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin.

**FAISNÉIS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 20 an marc iomlán don pháipéar seo.
Is cleachtadh praiticiúil í Ceist 1 dar luach 8 marc.
Is cleachtadh praiticiúil í Ceist 2 dar luach 12 mharc.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do chuid de cheist.
Tá Tábla Peiriadach na nDúl (roinnt sonraí san áireamh) ar fáil.
**Níl cead agat nótaí, téacsleabhair nó aon ábhar eile a úsáid le cuidiú leat.**

| Uimhir Ceiste | Marcanna | |
|---|---|---|
| | Marc an Scrúdaitheora | Athmharc |
| 1 | | |
| 2 | | |
| **Marc Iomlán** | | |

9568.04

**LEATHANACH BÁN**

| Marc an Scrúdaitheora | Athmharc |
|---|---|
| | |

**Leabhrán Scrúdú Praiticiúil A**

**Ní mór spéaclaí sábháilteacha a chaitheamh i gcónaí agus ba chóir aire a thabhairt sa scrúdú phraiticiúil.**

## 1 Cleachtadh toirtmheasctha

Caithfidh tú toirtmheascadh a dhéanamh ar thuaslagán caighdeánach tiasulfáit sóidiam in aghaidh iaidín a scaoiltear trí imoibriú tuaslagán iadáit(V) photaisiam le tuaslagán aigéadaithe iaidíd photaisiam.

Cuirtear na rudaí thíos ar fáil duit:

- tuaslagán iadáit(V) photaisiam
- ceithre chuid 20 $cm^3$ d'aigéad sulfarach
- tuaslagán iaidíd photaisiam
- tuaslagán tiasulfáit sóidiam dar tiúchan 0.10 mol $dm^{-3}$
- táscaire stáirse

1. Déan an buiréad a shruthlú agus a líonadh leis an tuaslagán chuí.
2. Úsáid sorcóir tomhais le 10 $cm^3$ de thuaslagán iaidíd photaisiam a dhoirteadh isteach i bhfleascán cónúil 250 $cm^3$.
3. Cuir 20 $cm^3$ de chaolaigéad sulfarach leis an tuaslagán sa fhleascán chónúil.
4. Úsáid sorcóir tomhais le 5 $cm^3$ de thuaslagán iadáit(V) photaisiam a chur leis an tuaslagán aigéadaithe iaidíd photaisiam.
5. Déan toirtmheascadh ar 0.10 mol $dm^{-3}$ de thuaslagán tiasulfáit sóidiam in aghaidh an iaidín a fhoirmítear.

Cuir do thorthaí i láthair i dtábla cuí agus ríomh an meántítear.

**Tábla na dtorthaí**

[8]

## 2 Cleachtadh breathnaithe

| Marc an Scrúdaitheora | Athmharc |
|---|---|

**(a)** Cuirtear salann ar fáil duit, ar a bhfuil an lipéad **X**. Déan na tástálacha seo a leanas ar **X** agus taifead na breathnuithe agat sa tábla thíos.

| Tástáil | Breathnuithe |
|---|---|
| **1** Cuir síos ar chuma **X**. | [1] |
| **2** Cuir 3 thomhas spadail de **X** le 20 $cm^3$ d'uisce agus déan é a shuaitheadh go dtí nach bhfuil athrú ar bith eile ann. Úsáid an tuaslagán seo do na tástálacha 3, 4, agus 5. | [1] |
| **3** **(a)** I múchlann, cuir 5 bhraon de thuaslagán tiubhaithe amóinia le 2 $cm^3$ de thuaslagán **X** i bpromhadán.<br><br>**(b)** Cuir 5 $cm^3$ eile de thuaslagán tiubhaithe amóinia isteach sa phromhadán. | [2] |
| **4** **(a)** Cuir 5 bhraon de thuaslagán hiodrocsaíd sóidiam le 2 $cm^3$ den tuaslagán **X** i bpromhadán.<br><br>**(b)** Cuir 5 $cm^3$ eile de thuaslagán hiodrocsaíd sóidiam sa phromhadán. | [2] |
| **5** Cuir 2 $cm^3$ de thuaslagán clóiríd bhairiam isteach i bpromhadán ina bhfuil 2 $cm^3$ den tuaslagán **X**. | [1] |
| **6** Cuir tomhas leathspadail de **X** ar chlog ghloine i múchlann. Agus lámhainní á gcaitheamh agat, cuir 10 mbraon d'aigéad sulfarach tiubhaithe go fadálach le **X**. | [1] |
| **7** Cuir tomhas spadail de **X** i bpromhadán fiuchta tirim. Déan an promhadán fiuchta a théamh go séimh. | [2] |

(b) Cuirtear leacht orgánach ar fáil duit, ar a bhfuil an lipéad **Y**. Déan na tástálacha seo a leanas agus taifead na breathnuithe agat sa tábla thíos.

N.B. Líon an dabhach uisce le huisce te as citeal.

| Tástáil | Breathnuithe |
|---|---|
| **1** Cuir 10 mbraon de **Y** le 2 $cm^3$ de thuaslagán aigéadaithe déchrómáit photaisiam i bpromhadán. Cuir an promhadán i ndabhach uisce te go ceann cúig nóiméad. | [1] |
| **2** Cuir 1 $cm^3$ de **Y** le 2 $cm^3$ de thuaslagán Fehling i bpromhadán. Cuir an promhadán i ndabhach uisce te go ceann cúig nóiméad. | [1] |

| Marc an Scrúdaitheora | Athmharc |
|---|---|
| | |

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

200372